



EAGRAÍOCHTAÍ TÁIRGEOIRÍ AGUS COMHEAGRÚ NA MARGAÍ I DTÁIRGÍ IASCAIGH

Ba é Comheagrú na Margaí (CEM) i dtáirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe an chéad chomhpháirt den Chomhbheartas Iascaigh (CBI). Measadh go raibh a raon feidhme teoranta i dtaca le gníomhú agus aghaidh á thabhairt ar an ngéarchéim le déanaí in earnáil an iascaigh, i bhfianaise chineál a shásraí idirghabhála agus an chistithe thearc arna leithdháileadh orthu, as ar tháinig athchóiriú cuimsitheach lena leagtar síos an bhunchloch nua do CEM agus do CBI ar fad, amhail ó 2014. Le CEM athbhreithnithe, feabhsaítear faireachas margaidh agus faisnéis maidir le sábháilteacht bia agus faisnéis do thomhaltóirí, ag cothú fhorbairt thráchtálú na dtáirgí réigiúnacha.

BUNÚS DLÍ

Airteagal 42 agus Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle

CUSPÓIRÍ

Déantar foráil le CEM i dtáirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe do chóras praghais agus idirghabhála agus é mar aidhm aige margadh an Aontais do tháirgí iascaigh a rialáil. Is iad seo a leanas a bhí mar chuspóirí aige:

- Na hiarmhairtí is diúltaí a bhaineann leis an míchothromaíocht idir soláthar agus éileamh a cheartú;
- Praghsanna a chobhsú chun íosleibhéal ioncaim a ráthú i gcomhair iascairí;
- Iomaíocht fhlít iascaireachta an Aontais i gcoitinne a spreagadh ar mhargaí an domhain.

Is iad seo a leanas ionstraimí CEM:

- Aistarraingtí Aontais;
- Oibríochtaí um thabhairt anonn;



- Aistarraingtí agus tabhairt anonn neamhspleách ag eagraíochtaí táirgeoirí, lena n-áirítear cúiteamh agus préimheanna comhréidh;
- Stóráil phríobháideach;
- Socruithe speisialta do thúna.

Tá na sásraí sin go léir dírithe ar na heagraíochtaí táirgeoirí (POanna), a bhfuil a bhformhór lonnaithe i seacht mBallstát: An Spáinn, an Iodáil, an Fhrainc, an Ríocht Aontaithe, an Ghearmáin, an Phortaingéil agus an Ísiltír. Faightear na heagraíochtaí sin den chuid is mó ar leibhéal an iascaigh áitiúil agus, ar bhonn níos lú, in earnálacha iascaigh agus do Bharshaothraithe cósta. Is é atá mar chuspóir leo ná feabhas a chur ar mhargú a dtáirgí. Chun na críche sin, ní mór dóibh bearta amhail na cinn seo a leanas a dhéanamh:

- Táirgeadh a phleanáil agus é a thabhairt i gcomhréir le héileamh, go háirithe trí phleananna gabhála a chur chun feidhme;
- Comhchruinniú soláthair a chur chun cinn;
- Praghaschobhsaíocht;
- Modhanna a spreagann iascaireacht inbhuanaithe a chur chun cinn.

Tá meath leanúnach tagtha ar chaiteachas idirghabhála, mar thoradh, den chuid is mó, ar laghdúithe i gcaiteachas ar chúiteamh do chláir oibríochtúla agus ar aistarraingtí Aontais, ar cheann de na sásraí idirghabhála is mó a úsáideadh iad. Tá tús áite mar mhír chaiteachais glactha ag oibríochtaí um thabhairt anonn in áit aistarraingtí Aontais.

D'fhéadfadh staid na n-acmhainní agus an méadú ar phraghas breosla teorainn a chuir le húsáid ghearrthéarmach idirghabhálaithe CEM. Is iad an ceithre Bhallstát is mó a úsáideann ionstraimí CEM ná an Fhrainc, an Spáinn, an Phortaingéil agus Éire. Tá méadú tagtha ar úsáid ionstraimí CEM sa chéad trí thír díobh sin, ach tá laghdú i gceist in Éirinn. Úsáideann Ballstáit eile — an Ríocht Aontaithe, an Danmhairg, an Ghearmáin, an tSualainn, an Iodáil agus an Bheilg — idirghabhálacha CEM freisin, ach is ísle i bhfad a gcaiteachas ná an caiteachas a bhí ag an gcéad ceithre thír.

Chun forbairt earnáil an iascaigh a spreagadh, féadfaidh grúpa ina n-áirítear ionadaithe ó earnálacha an táirgthe, an mhargaithe agus na próiseála iarraidh ar na Ballstáit aitheantas a thabhairt dóibh mar eagraíochtaí idir-chraoibhe. Féadfaidh na Ballstáit an t-aitheantas sin a thabhairt faoi rialú an Choimisiúin. Níor aithníodh ach ceithre eagraíocht idirchraoibhe, agus oibríonn siad ar leibhéal an stáit: Comité Interprofessionnel des Produits de l'Aquaculture, C.I.P.A. (an Fhrainc), INTERATÚN (an Spáinn), AQUAPISCIS (an Spáinn) agus O.I. FILIERA ITTICA (an Iodáil).

Mar chuid d'athchóiriú 2014 ar CBI, measadh go raibh gá le hathchóiriú forleathan ar CEM, ina rannchuideofaí, go díreach nó go hindíreach, le baint amach phríomhchuspóirí CBI le hionstraimí margadh-dhírithé. Chun dul i ngleic le ró-iascaireacht agus cleachtas neamh-inbhuanaithe agus bogadh ó straitéisí táirgthe atá bunaithe ar mhéid amháin, leagadh amach CEM nua sa togra le haghaidh rialachán maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe ([COM\(2011\) 0416](#)), a raibh sé mar aidhm leis tacú leis na nithe seo a leanas:



- Eagrú na hearnála, ag cumhachtú POnna agus a gcomhbhainistiú ar chearta rochtana mar aon le gníomhaíochtaí táirgthe agus margaithe, mar phríomhghnéithe chun CBI a chur chun feidhme;
- Bearta margaidh a mhéadaíonn cumhacht margála táirgeoirí (san iascach agus sa dobharshaothrú), a fheabhsaíonn an cumas géarchéimeanna margaidh a thuar, a chosc agus a bhainistiú, agus a chothaíonn trédhearcacht agus éifeachtúlacht sa mhargadh;
- Comhchaighdeáin mhargaíochta lena leagtar síos tréithe caighdeánacha do tháirgí iascaigh arna ndíol in AE agus arna gcur i bhfeidhm i gcomhréir le bearta caomhnaithe, atá deartha chun margadh inmheánach trédhearcach a sholáthraíonn táirgí ardcháilíochta a spreagadh;
- Dreasachtaí agus préimheanna margaidh i gcomhair cleachtais inbhuanaithe; comhpháirtíochtaí le haghaidh táirgeadh, foinsiú agus tomhaltas inbhuanaithe; deimhniúchán (eicilipéid), cur chun cinn agus soláthar faisnéise le haghaidh tomhaltóirí;
- Bearta margaidh breise maidir le hiasc a chaitear ar ais san fharraige;
- Faisnéisíocht maidir leis an margadh: tá Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um Tháirgí Iascaigh agus Dobharshaothraithe curtha ar bun ag an gCoimisiún chun rannchuidiú le trédhearcacht agus éifeachtúlacht an mhargaidh.

TÁIRGEOIRÍ AN IASCAIGH AR MHIONSCÁLA (SSF)

I sainmhíniú AE^[1] ar iascaireacht chósta ar mhionscála, tagraítear d'árthaí le fad foriomlán de níos lú ná 12 mhéadar, a fheidhmíonn faoi teorainn oibre laethúil de níos lú ná 24 uair an chloig agus nach n-úsáideann trealamh iascaireachta tarraingthe.

In 2013, bhí 232 PO in 17 mBallstát AE, arbh iascairí SSF 188 díobh. Fuarthas an líon is mó POnna iascairí SSF san Iodáil (39), sa Spáinn (33), sa Fhrainc (24) agus sa Ríocht Aontaithe (21). Cuireann CEM athbhreithnithe deis iontach i láthair do tháirgeoirí SSF chun rochtain níos fearr a fháil ar an margadh agus chun dul in iomaíocht go rathúil le táirgí iascaigh allmhairithe nó thionsclaíoch. D'fhéadfaí roinnt beart a dhéanamh mar chuid de na cuspóirí agus de struchtúr CEM, amhail banc sonraí staidrimh a fhorbairt i gcomhair SSF in AE, tacaíocht do chomhlachais mhargaíochta a chur ar bun agus leanúint léi, lógó SSF a chruthú, critéir liostála a chur ar bun i gcomhair iascairí SSF, chomh maith le lipéadú speisialta agus feachtais fógraíochta i gcomhair tháirgí SSF. Ar deireadh, is é an aidhm atá ann ná an deis a thabhairt do thomhaltóirí táirgí úra, sábháilte agus inbhuanaithe a cheannach, agus ioncam inghlactha a ráthú d'iascairí áitiúla SSF.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

In éineacht le glacadh an rialacháin bhunúsaigh athchóirithe maidir leis an gComhbheartas Iascaigh ina dhiaidh sin, agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh

[1]Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh, Airteagal 3(2)(14), IO L 149, 20.5.2014, lch. 1.



nua, is léiriú é CEM ar bhunchloch an athchóirithe is déanaí in earnáil iascaigh na hEorpa.

Tagann an gníomh dlíthiúil maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe faoin ngnáthnós imeachta reachtach, rud a chiallaíonn go bhfuil inniúlacht chomhroinnte ag an gComhairle agus ag an bParlaimint as é a ghlacadh.

Tagraíonn téacs dlíthiúil an ghnímh do roinnt gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme^[2]. Is ionann iad sin agus an reachtaíocht thánaisteach,^[3] a bhfuil gá léi chun an dlí bunúsach a chur i bhfeidhm. Mar phríomhbhrainse feidhmiúcháin an Aontais, tá inniúlacht ag an gCoimisiún as an ngníomh a ghlacadh, agus tá inniúlacht ag an bParlaimint agus ag an gComhairle, mar chomhrechtóirí, as grinnscrúdú^[4] a dhéanamh ar an reachtaíocht thánaisteach ar bhonn an léimh atá acu ar an dlí bunúsach. Tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le torthaí chur i bhfeidhm Rialachán CEM roimh dheireadh 2022.

Taighde do Choiste PECH:

- Staidéar ó AS-IPOL an 15 Aibreán 2016 dar teideal: ‘Margaí iascaigh ar mhionscála: luachshlabhra, cur chun cinn agus lipéadú’^[5];
- Staidéar ó AS-IPOL an 16 Meán Fómhair 2013 dar teideal: ‘Comhlíonadh reachtaíocht AE ag allmhairí de tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe’^[6];
- Faisnéisiú ó Leabharlann Parlaimint na hEorpa an 7 Meán Fómhair 2012 dar teideal: ‘Athchóiriú ar an gComhbheartas Iascaigh (CBI)’^[7].

Ghlac an Parlaimint dhá rún atá ábhartha don réimse seo le déanaí:

- Rún an 29 Bealtaine 2018 maidir le barrfheabhsú an tslabhra luacha in earnáil iascaireachta AE^[8];
- Rún an 30 Bealtaine 2018 maidir le cur chun feidhme beart rialaithe lena mbunaítear comhréireacht táirgí iascaigh le critéir rochtana ar mhargadh AE^[9].

Priit Ojamaa
05/2019

[2] ‘Gníomhartha dlíthiúla an Aontais Eorpaigh’, <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=LEGISSUM:ai0032&from=EN>

[3] https://ec.europa.eu/info/amending-and-supplementary-acts-0_en

[4] ‘Reachtaíocht a rith ar bhonn níos éifeachtúla: ceisteanna & freagraí maidir le gníomhartha tarmligthe nua’, <http://www.europarl.europa.eu/sides/getDoc.do?language=en&type=IM-PRESS&reference=20100323BKG71187>

[5] http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2016/573443/IPOL_STU%282016%29573443_EN.pdf

[6] http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/etudes/join/2013/513968/IPOL-PECH_ET%282013%29513968_EN.pdf

[7] http://www.europarl.europa.eu/RegData/bibliotheque/briefing/2012/120339/LDM_BRI%282012%29120339_REV1_EN.pdf

[8] Téacsanna a glacadh, [P8_TA\(2018\)0210](#).

[9] Téacsanna a glacadh, [P8_TA\(2018\)0223](#).

